2024/3152

16.12.2024

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/3152 ÓN gCOMHAIRLE

an 16 Nollaig 2024

lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) 2017/1509 a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne Dhaon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2017/1509 ón gComhairle an 30 Lúnasa 2017 a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne Dhaon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 329/2007 ([1]), agus go háirithe Airteagail 47 agus 47a de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 30 Lúnasa 2017, ghlac an Chomhairle Rialachán (AE) 2017/1509.

(2) I gcomhréir le hAirteagal 47a(1) de Rialachán (AE) 2017/1509, rinne an Chomhairle athbhreithniú ar liostaí na ndaoine ainmnithe, na n-eintiteas ainmnithe, na gcomhlachtaí ainmnithe agus na soithí ainmnithe a leagtar amach in Iarscríbhinní XV, XVI, XVII agus XVIII a ghabhann leis an Rialachán sin.

(3) Ba cheart na bearta sriantacha i gcoinne na ndaoine agus na n-eintiteas atá ar na liostaí a leagtar amach in Iarscríbhinní XV agus XVI a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/1509 a choinneáil. Ba cheart na hiontrálacha le haghaidh 21 duine agus ceithre eintiteas sna hIarscríbhinní sin a thabhairt cothrom le dáta.

(4) I bhfianaise na ngníomhaíochtaí leanúnacha atá á ndéanamh ag DPDC a bhaineann le diúracán balaistíoch, lena sáraítear Rúin ábhartha ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe (CSNA) agus lena dtugtar neamhaird neamhnáireach orthu, ba cheart eintiteas amháin a chur ar liosta na ndaoine agus na n-eintiteas atá faoi réir bearta sriantacha a leagtar amach in Iarscríbhinn XVI a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/1509.

(5) An 17 Meán Fómhair 2024, rinne Coiste Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, arna bhunú de bhun Rún 1718 (2006) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, an fhaisnéis a bhaineann le duine amháin ar an liosta a leagtar amach in Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/1509 a thabhairt cothrom le dáta. Ba cheart, dá bhrí sin, an iontráil a bhaineann leis an duine sin a thabhairt cothrom le dáta.

(6) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (AE) 2017/1509 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinní XIII, XV agus XVI a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/1509 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 16 Nollaig 2024.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

K. KALLAS

([1]) IO L 224, 31.8.2017, lch. 1.

Leasaítear Rialachán (AE) 2017/1509 mar a leanas:

(1) in Iarscríbhinn XIII, faoin gceannteideal '(a). Daoine nádúrtha', cuirtear an méid seo a leanas in ionad iontráil 77:

	Ainm	Ailias	Faisnéis aitheantais	Dáta ainmniúcháin na Náisiún Aontaithe	Ráiteas ar chúiseanna
'77.	Ri Pyong Chul	Ri Pyong Chol; Ri Pyo'ng-ch'o'l	Dáta breithe: 1948 Náisiúntacht: DPDC Inscne: fireann Seoladh: DPDC	22.12.2017	Leas-Chathaoirleach ar Choimisiún Lárnach Míleata Pháirtí Oibrithe na Cóiré. Is iar-rúnaí Pháirtí na nOibrithe agus comhalta den Bhiúró Polaitiúil é. Comhalta malartach ab ea é de Bhiúró Polaitiúil Pháirtí Oibrithe na Cóiré agus bhí sé ina chéad leas-stiúrthóir ar Roinn an Tionscail Muinisean.';

(2) Leasaítear Iarscríbhinn XV mar a leanas:

(a) faoin gceannteideal '(a). Daoine nádúrtha arna n-ainmniú i gcomhréir le pointe (a) d'Airteagal 34(4)', cuirtear an méid seo a leanas in ionad iontrálacha 11, 17, 21, 23, 28 agus 29:

	Ainm (agus ainmneacha féideartha eile)	Ailias	Faisnéis aitheantais	Dáta ainmniúcháin	Cúiseanna
'11.	JO Kyongchol 조경철	JO Kyong Chol	Inscne: fireann	20.5.2016	Ginearál in Arm Pobail na Cóiré. Ceapadh mar chomhalta de Choimisiún Míleata Lárnach Pháirtí Oibrithe na Cóiré é i mí an Mheithimh 2022, ar comhlacht lárnach é do chúrsaí cosanta náisiúnta in DPDC. Stiúrthóir Cheannas na Slándála Míleata. Sa cháil sin dó, tá sé freagrach as tacú le cláir DPDC a bhaineann le harmáin núicléacha, le diúracáin bhalaistíocha nó le harmáin ollscriosta eile nó as na cláir sin a chur chun cinn. Atofa ar Choiste Lárnach an Pháirtí i mí Eanáir 2021. Bhí sé i dteannta Kim Jong Un ag druileanna airtléire ar mhórscála i mí an Mhárta 2024.

	Ainm (agus ainmneacha féideartha eile)	Ailias	Faisnéis aitheantais	Dáta ainmniúcháin	Cúiseanna
17.	PAK Jong-chon 박정천	PAK Jong Chon	Inscne: fireann	20.5.2016	Comhalta de Bhiúró Polaitiúil Choiste Lárnach Pháirtí na nOibrithe, Leas-Chathaoirleach ar an gCoimisiún Míleata Lárnach, Rúnaí Choiste Lárnach Pháirtí Oibrithe na Cóiré. Comhalta den Choimisiún um Ghnóthaí Stáit, Marascal agus iarCheann na Foirne Ginearálta. Rinne sé an léirbhreithniú foirmiúil ag mórshiúl míleata an 25 Aibreán 2022, rud a thugann le fios go bhfuil ról aige i gcláir DPDC a bhaineann le hairm núicléacha, le diúracáin bhalaistíocha nó le harmáin ollscriosta eile agus go bhfuil freagracht air i ndáil le tacú leis na cláir sin nó iad a chur chun cinn. Bhí PAK Jong Chon in éineacht le Kim Jong Un agus é ag tabhairt cuairt ar an Rúis i mí Mheán Fómhair 2023, in éineacht le ceannasaithe míleata ardleibhéil eile agus oifigigh an tionscail arm.
21.	HONG Yong Chil 홍영칠		Inscne: fireann	20.5.2016	Leas-Stiúrthóir Roinn an Tionscail Muinisean. Tá Roinn an Tionscail Muinisean – a d'ainmnigh Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe an 2 Márta 2016 – rannpháirteach i ngnéithe lárnacha de chlár diúracán DPDC. Tá Roinn an Tionscail Muinisean freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar fhorbairt dhiúracáin bhailistíocha DPDC, lena n-áirítear cláir thaighde agus forbartha. Tá an Dara Coiste Eacnamaíoch agus an Dara hAcadamh Eolaíochtaí Nádúrtha – a ainmníodh freisin i mí Lúnasa 2010 – faoi réir Roinn an Tionscail Muinisean. Is Leas-Stiúrthóir Roinne ar Choiste Lárnach Pháirtí Oibrithe na Cóiré é. Chuaigh HONG Yong Chil chuig láithreán a bhfuil baint aige le tionscal muinisean DPDC le Kim Jong Un in 2023 agus 2024. Cuireadh síos ar HONG Yong Chil in 2019 mar dhuine de na príomhoifigigh i réimse na heolaíochta cosanta náisiúnta. Bhí sé in éineacht le Kim Jong Un ag ócáid scaoilte cineáil nua armáin threoraithe oirbheartaíochta, agus nuair a rinneadh cigireacht ar chineál nua fomhuireáin a bhí á thógáil. Bhí sé ar dhuine de na heolaithe a ndearna Kim Jong Un comhghairdeas leo in 2017 as diúracán balaistíoch idir-ilchríochach (ICBM) Hwasong-15 a lainseáil, agus bhreithnigh sé tástálacha inneall a rinneadh roimhe sin agus lainseálacha balaistíocha eile. In 2016, chuaigh sé in éineacht le Kim Jong Un chuig cruinniú le heolaithe inar pléadh taighde chun soic phléascáin núicléacha a fheistiú ar dhiúracáin oirbheartaíochta agus straitéiseacha. D'fhéadfadh sé go raibh ról suntasach aige i dtástáil núicléach DPDC an 6 Eanáir 2016. Sa cháil sin dó, bhí sé freagrach as tacú le cláir DPDC a bhaineann le harmáin núicléacha, le diúracáin bhalaistíocha nó le harmáin ollscriosta eile nó as na cláir sin a chur chun cinn.

	Ainm (agus ainmneacha féideartha eile)	Ailias	Faisnéis aitheantais	Dáta ainmniúcháin	Cúiseanna
23.	YUN Chang Hyok 윤창혁		Dáta breithe: 9.8.1965 Inscne: fireann	20.5.2016	Leas-Stiúrthóir an Lárionaid um Rialú Satailítí, agus an Riaracháin Náisiúnta um Theicneolaíocht Aeraspáis (NATA), ar thug Kim Jong Un cuairt air roimh an tástáil idir-ilchríochach diúracán balaistíoch (ICBM) an 24 Márta 2022. Tá NATA faoi réir smachtbhannaí faoi Rún 2270 (2016) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe i ndáil le bheith rannpháirteach i bhforbairt na spáseolaíochta agus na spásteicneolaíochta, lena n-áirítear lainseálacha satailíte agus roicéid iompróra. Le Rún 2270 (2016) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe cáineadh lainseáil satailíte DPDC an 7 Feabhra 2016 as teicneolaíocht diúracán balaistíoch a úsáid agus as sárú tromchúiseach ar Rúin 1718 (2006), 1874 (2009), 2087 (2013) agus 2094 (2013). Sa cháil sin dó, tá sé freagrach as tacú le cláir DPDC a bhaineann le harmáin núicléacha, le diúracáin bhalaistíocha nó le harmáin ollscriosta eile nó as na cláir sin a chur chun cinn. An 23 Samhain 2023, cháin Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála, thar ceann an Aontais Eorpaigh, DPDC as satailít mhíleata a lainseáil ina n-úsáidtear teicneolaíocht diúracán balaistíoch mar gur sárú é sin ar Rúin Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe.
28.	KIM Su Gil 김수길	KIM Su-gil	Dáta breithe: 1950 Inscne: fireann	21.4.2022	Ina cháil mar Stiúrthóir ar Bhiúró Polaitiúil Ginearálta Arm Pobail na Cóiré idir 2018 agus 2021 agus mar Chomhalta den Choimisiún um Ghnóthaí Stáit idir 2019 agus 2021, agus ina phost mar Phríomh-Rúnaí ar Choiste Pháirtí Chathair Pyongyang agus mar chomhalta malartach den Bhiúró Polaitiúil ó 2023 i leith, tá sé freagrach as cinntí Pháirtí Oibrithe na Cóiré a chur chun feidhme, a bhaineann le cláir núicléacha agus bhalaistíocha a fhorbairt a sháraíonn Rúin 1718 (2006), 1874 (2009), 2087 (2013), 2094 (2013), 2270 (2016), 2321 (2016), 2356 (2017), 2371 (2017), 2375 (2017), agus 2397 (2017) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe. I mí Feabhra 2024, bhí sé i gceannas ar thoscaireacht pháirtí chun na Rúise agus thionóil sé roinnt cruinnithe le ceannaireacht shinsearach na Rúise.

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/3152/oj

	Ainm (agus ainmneacha féideartha eile)	Ailias	Faisnéis aitheantais	Dáta ainmniúcháin	Cúiseanna
29.	JON Il Ho 전일호	JON Il-Ho	Dáta breithe: 1955 nó 1956 Náisiúntacht: DPDC Inscne: fireann	21.4.2022	Uachtarán Ollscoil Kim Jong Un um Chosaint Náisiúnta ó mhí na Nollag 2023, institiúid a bhfuil baint aici le cláir arm neamhdhleathach DPDC a fhorbairt. Ina theannta sin, ina cháil mar Chathaoirleach ar Choiste Pháirtí Oibrithe na Cóiré, Coiste an Acadaimh um Thaighde Cosanta agus mar chomhalta de Choiste Lárnach Pháirtí Oibrithe na Cóiré, tá ról tábhachtach aige i bhforbairt chláir arm ollscriosta DPDC agus tá sé freagrach as na cláir sin a fhorbairt. Fuair sé ardú céime agus rinneadh Coirnéal Ginearálta de i mí Lúnasa 2019, fuair sé Duais Eolaíochta agus Teicneolaíochta mhí Feabhra 16, mar Stiúrthóir ar an Institiúid Taighde um Uathoibriú agus Stiúrthóir Institiúide Ollscoil Teicneolaíochta Kim Chaek, agus mar Leas-Stiúrthóir Roinne de Choiste Lárnach Pháirtí Oibrithe na Cóiré, bhí sé i láthair ag lainseálacha na ndiúracán balaistíoch idir-ilchríochach Hwasong-14 an 4 Iúil 2017 agus an 28 Iúil 2017, agus ag an gcuid is mó de na lainseálacha diúracán eile in 2017, 2019 agus Márta 2020.';

(b) faoin gceannteideal '(b) Daoine dlítheanacha, eintitis agus comhlachtaí arna n-ainmniú i gcomhréir le pointe (a) d'Airteagal 34(4)', cuirtear an méid seo a leanas in ionad iontrálacha 4 agus 5:

	Ainm (agus ainmneacha féideartha eile)	Ailias	Suíomh	Dáta ainmniúcháin	Cúiseanna
'4.	Yongbyon Nuclear Scientific Research Centre 녕변 원자력 연구소 영변 원자력 연구소			22.12.2009	Saoráidí atá in ann ábhar inscoilte a tháirgeadh le haghaidh úsáidí míleata, lena n-áirítear imoibreoir 5MW (e), saoráid athphróiseála plútóiniam (saotharlann raidió-cheimiceach), imoibreoir éadromuisce agus saoráid saibhrithe úráiniam a tuairiscíodh. Tá an láraonad á chothabháil ag an mBiúró Ginearálta um Fhuinneamh Adamhach (eintiteas a d'ainmnigh CSNA an 16.7.2009). I mí an Mheithimh 2024, dúirt an Ghníomhaireacht Idirnáisiúnta do Fhuinneamh Adamhach gur thug siad faoi deara an sceitheadh uaineach uisce ó chóras fuaraithe LWR in Yongbyon ó mhí na Nollag 2023, i gcomhréir le hoibriú an LWR. Bhraith an Ghníomhaireacht Idirnáisiúnta do Fhuinneamh Adamhach freisin tásca leanúnacha maidir le hoibriú an imoibreora 5MW(e) agus na saoráide saibhrithe le lártheifneoirí a tuairiscíodh. Ina thuarascáil ó mhí an Mhárta 2024, bhraith Painéal Saineolaithe na Náisiún Aontaithe gníomhaíocht shuntasach leanúnach in Yongbyon freisin.

	Ainm (agus ainmneacha féideartha eile)	Ailias	Suíomh	Dáta ainmniúcháin	Cúiseanna
5.	Airm Pobail na Cóiré 조선인민군			16.10.2017	Áirítear le hArm Pobail na Cóiré an Fórsa Straitéiseach (Fórsa Roicéad Straitéiseach mar a bhí), a rialaíonn aonaid núicléacha agus gnáthaonaid diúracán straitéiseach DPDC. Tá an Fórsa Roicéad Straitéiseach liostaithe i Rún 2356 (2017) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe.';

(3) Leasaítear Iarscríbhinn XVI mar a leanas:

(a) faoin gceannteideal '(a). Daoine nádúrtha', cuirtear an méid seo a leanas in ionad iontrálacha 8, 10, 11, 12, 13, 14, 15, 19, 20, 21, 22, 23, 24, 27 agus 28:

	Ainm (agus ainmneacha féideartha eile)	Faisnéis aitheantais	Dáta ainmniúcháin	Cúiseanna
'8.	KIM Chang Hyok ar a dtugtar freisin: James Kim 김창혁	Dáta breithe: 29.4.1963 Áit bhreithe: N. Hamgyong Pasuimhir: 472130058 Inscne: fireann	22.1.2018	Tá Kim Chang Hyok sainaitheanta ag Painéal Saineolaithe na Náisiún Aontaithe mar ionadaí ar Pan Systems Pyongyang sa Mhalaeisia. Tá Pan Systems Pyongyang sainaitheanta ag an Aontas as cúnamh a thabhairt chun smachtbhannaí arna bhforchur ag Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe a sheachaint trí iarracht a dhéanamh airm agus ábhair ghaolmhara a dhíol leis an Eiritré. Tá Pan Systems á rialú ag an mBiúró Ginearálta um Thaiscéalaíocht, atá ainmnithe ag na Náisiúin Aontaithe, agus oibríonn sé thar a cheann. Bhunaigh sé cuntais éagsúla sa Mhalaeisia in ainm cuideachtaí caocha de chuid "Glocom", ar cuideachta chaoch í sin de chuid eintiteas ainmnithe Pan Systems Pyongyang. Tugtar le fios i dTuarascáil Chríochnaitheach mhí an Mhárta 2023 ó Phainéal Saineolaithe na Náisiún Aontaithe go bhfuil Pan Systems ag leanúint leis na hiarrachtaí airm a onnmhairiú. I dTuarascáil mhí Mheán Fómhair 2023 ó Phainéal Saineolaithe na Náisiún Aontaithe, sainaithníodh Pan Systems a bheith ag onnmhairiú agus ag cur oiliúint ar fáil maidir le trealamh teileachumarsáide míleata a úsáid d'fhórsaí armtha na hAetóipe trí chuideachtaí tosaigh sa Mhalaeisia agus san Indinéis.

	Ainm (agus ainmneacha féideartha eile)	Faisnéis aitheantais	Dáta ainmniúcháin	Cúiseanna
10.	RYANG Su Nyo 량수니오	Dáta breithe: 11.8.1959 Áit bhreithe: An tSeapáin Inscne: fireann	22.1.2018	Stiúrthóir Pan Systems Pyongyang. Tá Pan Systems Pyongyang sainaitheanta ag an Aontas as cúnamh a thabhairt chun smachtbhannaí arna bhforchur ag Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe a sheachaint trí iarracht a dhéanamh airm agus ábhair ghaolmhara a dhíol leis an Eiritré. Tá Pan Systems á rialú ag an mBiúró Ginearálta um Thaiscéalaíocht, atá ainmnithe ag na Náisiúin Aontaithe, agus oibríonn sé thar a cheann. Tugtar le fios i dTuarascáil Chríochnaitheach mhí an Mhárta 2023 ó Phainéal Saineolaithe na Náisiún Aontaithe go bhfuil Pan Systems ag leanúint de na hiarrachtaí airm a onnmhairiú. I dTuarascáil Mheán Fómhair 2023 ó Phainéal Saineolaithe na Náisiún Aontaithe, sainaithníodh an chuideachta mar chuideachta a onnmhairíonn trealamh teileachumarsáide míleata chuig fórsaí armtha na hAetóipe agus a chuireann oiliúint ar fáil dóibh trí chuideachtaí tosaigh sa Mhalaeisia agus san Indinéis.
11.	PYON Won Gun 변원군	Dáta breithe: 13.3.1968 Áit bhreithe: S. Phyongan Pasuimhir seirbhíse: 836220035 Pasuimhir: 290220142 Inscne: fireann	22.1.2018	Stiúrthóir Glocom, cuideachta tosaigh de chuid Pan Systems Pyongyang. Tá Pan Systems Pyongyang sainaitheanta ag an Aontas as cúnamh a thabhairt chun smachtbhannaí arna bhforchur ag Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe a sheachaint trí iarracht a dhéanamh airm agus ábhair ghaolmhara a dhíol leis an Eiritré. Tá Pan Systems á rialú ag an mBiúró Ginearálta um Thaiscéalaíocht, atá ainmnithe ag na Náisiúin Aontaithe, agus oibríonn sé thar a cheann. Fógraíonn Glocom trealamh cumarsáide raidió d'eagraíochtaí míleata agus paraimíleata. D'aithin Painéal Saineolaithe na Náisiún Aontaithe Pyon Won Gun freisin mar náisiúnach de chuid DPDC a oibríonn Pan Systems Pyongyang. Tugtar le fios i dTuarascáil Chríochnaitheach mhí an Mhárta 2023 ó Phainéal Saineolaithe na Náisiún Aontaithe go bhfuil Pan Systems ag leanúint de na hiarrachtaí airm a onnmhairiú. Ó mhí Iúil 2024 ar aghaidh, lean Glocom de bheith ag oibriú agus bhí trealamh teileachumarsáide míleata á dhíol go gníomhach aige.

	Ainm (agus ainmneacha féideartha eile)	Faisnéis aitheantais	Dáta ainmniúcháin	Cúiseanna
12.	PAE Won Chol 배원철	Dáta breithe: 30.8.1969 Áit bhreithe: Pyongyang Pasuimhir Thaidhleoireachta: 654310150 Inscne: fireann	22.1.2018	D'aithin Painéal Saineolaithe na Náisiún Aontaithe Pae Won Chol mar náisiúnach de chuid DPDC a oibríonn Pan Systems Pyongyang. Tá Pan Systems Pyongyang sainaitheanta ag an Aontas as cúnamh a thabhairt chun smachtbhannaí arna bhforchur ag Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe a sheachaint trí iarracht a dhéanamh airm agus ábhair ghaolmhara a dhíol leis an Eiritré. Tá Pan Systems á rialú ag an mBiúró Ginearálta um Thaiscéalaíocht, atá ainmnithe ag na Náisiúin Aontaithe, agus oibríonn sé thar a cheann. Tugtar le fios i dTuarascáil Chríochnaitheach mhí an Mhárta 2023 ó Phainéal Saineolaithe na Náisiún Aontaithe go bhfuil Pan Systems ag leanúint de na hiarrachtaí airm a onnmhairiú. I dTuarascáil Mheán Fómhair 2023 ó Phainéal Saineolaithe na Náisiún Aontaithe, sainaithníodh an chuideachta mar chuideachta a onnmhairíonn trealamh teileachumarsáide míleata chuig fórsaí armtha na hAetóipe agus a chuireann oiliúint ar fáil dóibh trí chuideachtaí tosaigh sa Mhalaeisia agus san Indinéis.
13.	RI Sin Song 리신송	Inscne: fireann	22.1.2018	D'aithin Painéal Saineolaithe na Náisiún Aontaithe Ri Sin Song mar náisiúnach de chuid DPDC a oibríonn Pan Systems Pyongyang. Tá Pan Systems Pyongyang sainaitheanta ag an Aontas as cúnamh a thabhairt chun smachtbhannaí arna bhforchur ag Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe a sheachaint trí iarracht a dhéanamh airm agus ábhair ghaolmhara a dhíol leis an Eiritré. Tá Pan Systems á rialú ag an mBiúró Ginearálta um Thaiscéalaíocht, atá ainmnithe ag na Náisiúin Aontaithe, agus oibríonn sé thar a cheann. Tugtar le fios i dTuarascáil Chríochnaitheach mhí an Mhárta 2023 ó Phainéal Saineolaithe na Náisiún Aontaithe go bhfuil Pan Systems ag leanúint de na hiarrachtaí airm a onnmhairiú. I dTuarascáil Mheán Fómhair 2023 ó Phainéal Saineolaithe na Náisiún Aontaithe, sainaithníodh an chuideachta mar chuideachta a onnmhairíonn trealamh teileachumarsáide míleata chuig fórsaí armtha na hAetóipe agus a chuireann oiliúint ar fáil dóibh trí chuideachtaí tosaigh sa Mhalaeisia agus san Indinéis.

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/3152/oj

	Ainm (agus ainmneacha féideartha eile)	Faisnéis aitheantais	Dáta ainmniúcháin	Cúiseanna
14.	KIM Sung Su 김성수	Inscne: fireann	22.1.2018	Tá Kim Sung Su sainaitheanta ag Painéal Saineolaithe na Náisiún Aontaithe mar ionadaí ar Pan Systems Pyongyang sa tSín. Tá Pan Systems Pyongyang sainaitheanta ag an Aontas as cúnamh a thabhairt chun smachtbhannaí arna bhforchur ag Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe a sheachaint trí iarracht a dhéanamh airm agus ábhair ghaolmhara a dhíol leis an Eiritré. Tá Pan Systems á rialú ag an mBiúró Ginearálta um Thaiscéalaíocht, atá ainmnithe ag na Náisiúin Aontaithe, agus oibríonn sé thar a cheann. Tugtar le fios i dTuarascáil Chríochnaitheach mhí an Mhárta 2023 ó Phainéal Saineolaithe na Náisiún Aontaithe go bhfuil Pan Systems ag leanúint de na hiarrachtaí airm a onnmhairiú. I dTuarascáil Mheán Fómhair 2023 ó Phainéal Saineolaithe na Náisiún Aontaithe, sainaithníodh an chuideachta mar chuideachta a onnmhairíonn trealamh teileachumarsáide míleata chuig fórsaí armtha na hAetóipe agus a chuireann oiliúint ar fáil dóibh trí chuideachtaí tosaigh sa Mhalaeisia agus san Indinéis.
15.	KIM Pyong Chol 김병철	Inscne: fireann	22.1.2018	D'aithin Painéal Saineolaithe na Náisiún Aontaithe Kim Pyong Chol mar náisiúnach de chuid DPDC a oibríonn Pan Systems Pyongyang. Tá Pan Systems Pyongyang sainaitheanta ag an Aontas as cúnamh a thabhairt chun smachtbhannaí arna bhforchur ag Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe a sheachaint trí iarracht a dhéanamh airm agus ábhair ghaolmhara a dhíol leis an Eiritré. Tá Pan Systems á rialú ag an mBiúró Ginearálta um Thaiscéalaíocht, atá ainmnithe ag na Náisiúin Aontaithe, agus oibríonn sé thar a cheann. Tugtar le fios i dTuarascáil Chríochnaitheach mhí an Mhárta 2023 ó Phainéal Saineolaithe na Náisiún Aontaithe go bhfuil Pan Systems ag leanúint de na hiarrachtaí airm a onnmhairiú. I dTuarascáil Mheán Fómhair 2023 ó Phainéal Saineolaithe na Náisiún Aontaithe, sainaithníodh an chuideachta mar chuideachta a onnmhairíonn trealamh teileachumarsáide míleata chuig fórsaí armtha na hAetóipe agus a chuireann oiliúint ar fáil dóibh trí chuideachtaí tosaigh sa Mhalaeisia agus san Indinéis.

	Ainm (agus ainmneacha féideartha eile)	Faisnéis aitheantais	Dáta ainmniúcháin	Cúiseanna
19.	KIM Il-Su ar a dtugtar freisin KIM Il Su 김일수	Dáta breithe: 2.9.1965 Áit bhreithe: Pyongyang, DPDC Inscne: fireann	3.7.2015	Bainisteoir i roinn athárachais an Korea National Insurance Corporation (KNIC) atá lonnaithe sa cheanncheathrú in Pyongyang agus iar-phríomh-ionadaí údaraithe KNIC in Hamburg, ag gníomhú thar ceann KNIC nó faoina stiúir. Sna tuarascálacha ó Phainéal Saineolaithe na Náisiún Aontaithe i mí Mheán Fómhair 2023 agus i mí an Mhárta 2024, fuarthas amach gur lean KNIC dá ghníomhaíochtaí a oibriú agus a leathnú i dtríú tíortha éagsúla.
20.	KANG Song-Sam ar a dtugtar freisin KANG Song Sam	Dáta breithe: 5.7.1972 Áit bhreithe: Pyongyang, DPDC Inscne: fireann	3.7.2015	Iarionadaí údaraithe Korea National Insurance Corporation (KNIC) in Hamburg; leanann sé de bheith ag gníomhú ar son KNIC nó thar a cheann nó faoina stiúir. Sna tuarascálacha ó Phainéal Saineolaithe na Náisiún Aontaithe i mí Mheán Fómhair 2023 agus i mí an Mhárta 2024, fuarthas amach gur lean KNIC dá ghníomhaíochtaí a oibriú agus a leathnú i dtríú tíortha éagsúla.
21.	CHOE Chun-Sik ar a dtugtar freisin CHOE Chun Sik 최천식	Dáta breithe: 23.12.1963 Áit bhreithe: Pyongyang, DPDC Uimhir phas: 745132109 Bailí go dtí an 12.2.2020 Inscne: fireann	3.7.2015	Bainisteoir i roinn athárachais an Korea National Insurance Corporation (KNIC) atá lonnaithe sa cheanncheathrú in Pyongyang agus iar-phríomh-ionadaí údaraithe KNIC in Hamburg, ag gníomhú thar ceann KNIC nó faoina stiúir. Sna tuarascálacha ó Phainéal Saineolaithe na Náisiún Aontaithe i mí Mheán Fómhair 2023 agus i mí an Mhárta 2024, fuarthas amach gur lean KNIC dá ghníomhaíochtaí a oibriú agus a leathnú i dtríú tíortha éagsúla.
22.	SIN Kyu-Nam ar a dtugtar freisin SIN Kyu Nam 신규남	Dáta breithe: 12.9.1972 Áit bhreithe: Pyongyang, DPDC Pasuimhir: PO472132950 Inscne: fireann	3.7.2015	Stiúrthóir i roinn athárachais an Korea National Insurance Corporation (KNIC) atá lonnaithe sa cheanncheathrú in Pyongyang agus iarionadaí údaraithe KNIC in Hamburg, ag gníomhú thar ceann KNIC nó faoina stiúir. Sna tuarascálacha ó Phainéal Saineolaithe na Náisiún Aontaithe i mí Mheán Fómhair 2023 agus i mí an Mhárta 2024, fuarthas amach gur lean KNIC dá ghníomhaíochtaí a oibriú agus a leathnú i dtríú tíortha éagsúla.

	Ainm (agus ainmneacha féideartha eile)	Faisnéis aitheantais	Dáta ainmniúcháin	Cúiseanna
23.	PAK Chun-San ar a dtugtar freisin PAK Chun San 박천산	Dáta breithe: 18.12.1953 Áit bhreithe: Pyongyang, DPDC Pasuimhir: PS472220097 Inscne: fireann	3.7.2015	Stiúrthóir i roinn athárachais an Korea National Insurance Corporation (KNIC) atá lonnaithe sa cheanncheathrú in Pyongyang go dtí mí Nollag 2015 ar a laghad agus iar-phríomh-ionadaí údaraithe KNIC in Hamburg, fós ag gníomhú ar son nó thar ceann KNIC nó faoina stiúir. Sna tuarascálacha ó Phainéal Saineolaithe na Náisiún Aontaithe i mí Mheán Fómhair 2023 agus i mí an Mhárta 2024, fuarthas amach gur lean KNIC dá ghníomhaíochtaí a oibriú agus a leathnú i dtríú tíortha éagsúla.
24.	SO Tong Myong 서동명	Dáta breithe: 10.9.1956 Inscne: fireann	3.7.2015	IarUachtarán Korea National Insurance Corporation (KNIC), iarChathaoirleach KNIC Executive Management Committee (Meitheamh 2012); iarBhainisteoir Ginearálta KNIC, Meán Fómhair 2013, ag gníomhú thar ceann KNIC nó faoina stiúir. Sna tuarascálacha ó Phainéal Saineolaithe na Náisiún Aontaithe i mí Mheán Fómhair 2023 agus i mí an Mhárta 2024, fuarthas amach gur lean KNIC dá ghníomhaíochtaí a oibriú agus a leathnú i dtríú tíortha éagsúla.
27.	IM Song Sun ar a dtugtar freisin IM Song-Sun	Náisiúntacht: DPDC Inscne: fireann	21.4.2022	Ina cháil mar ionadaí ar an Corman Construction Company (Tong Bang), cuideachta chaoch don Mansudae Overseas Project (MOP) Group (ar a dtugtar freisin Mansudae Art Studio) atá ainmnithe ag na Náisiúin Aontaithe, tá Im Song Sun i mbun imghabháil smachtbhannaí, agus leis sin sáraítear forálacha 1718 (2006), 1874 (2009), 2087 (2013), 2094 (2013), 2270 (2016), 2321 (2016), 2356 (2017), 2371 (2017), 2375 (2017) nó 2397(2017) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe. Bhainistigh sé tionscadail tógála na cuideachta sin sa tSeineagáil agus fuair sé íocaíochtaí ar chonarthaí a bronnadh ar MOP agus Corman Construction, agus dá bhrí sin tá sé freagrach as gníomhaíochtaí airgeadais lena dtacaítear le cláir núicléacha agus bhalaistíocha DPDC. Chuir rialtas na Stát Aontaithe smachtbhannaí ar Im Song Sun in 2023 ar chúiseanna comhchosúla. Chinn Painéal Saineolaithe na Náisiún Aontaithe i mí an Mhárta 2024 gur lean ealaíontóirí a bhfuil baint acu le Mansudae Overseas Project Group de bheith ag feidhmiú thar lear.

	Ainm (agus ainmneacha féideartha eile)	Faisnéis aitheantais	Dáta ainmniúcháin	Cúiseanna
28.	CHOE Song Chol ar a dtugtar freisin CHOE Song-Chol	Náisiúntacht: DPDC Inscne: fireann	21.4.2022	Ina cháil mar ionadaí ar an Corman Construction Company (Tong Bang), cuideachta chaoch don Mansudae Overseas Project Group (ar a dtugtar freisin an Mansudae Art Studio) atá ainmnithe ag na Náisiúin Aontaithe, tá Im Song Chol i mbun imghabháil smachtbhannaí, agus leis sin sáraítear forálacha 1718 (2006), 1874 (2009), 2087 (2013), 2094 (2013), 2270 (2016), 2321 (2016), 2356 (2017), 2371 (2017), 2375 (2017) nó 2397(2017) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe. Bhainistigh sé tionscadail tógála na cuideachta sin sa tSeineagáil agus fuair sé íocaíochtaí ar chonarthaí a bronnadh ar MOP agus Corman Construction, agus dá bhrí sin tá sé freagrach as gníomhaíochtaí airgeadais lena dtacaítear le cláir núicléacha agus bhalaistíocha DPDC. Chuir rialtas na Stát Aontaithe smachtbhannaí ar Choe Song Chol in 2023 ar chúiseanna comhchosúla. Chinn Painéal Saineolaithe na Náisiún Aontaithe i mí an Mhárta 2024 gur lean ealaíontóirí a bhfuil baint acu leis an Mansudae Overseas Project Group de bheith ag feidhmiú thar lear.’;

(b) faoin gceannteideal ‘(b) Daoine dlítheanacha, eintitis agus comhlachtaí’, cuirtear an méid seo a leanas in ionad iontrálacha 4 agus 8:

	Ainm (agus ainmneacha féideartha eile)	Suíomh	Dáta ainmniúcháin	Cúiseanna
‘4.	Pan Systems Pyongyang ar a dtugtar freisin Wonbang Trading Co.; Glocom; International Golden Services; International Global System	Seoladh: Seomra 818, Óstán Pothonggang, Ansan-Dong, ceantar Pyongchon, Pyongyang, DPDC.	16.10.2017	Tá cúnamh tugtha ag Pan Systems chun smachtbhannaí arna bhforchur ag Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe a sheachaint trí iarracht a dhéanamh airm agus ábhair ghaolmhara a dhíol leis an Eiritré. Ina theannta sin, tá Pan Systems faoi rialú ag Reconnaissance General Bureau (an Biúró Ginearálta um Thaiscéalaíocht), eintiteas atá ainmnithe ag na Náisiúin Aontaithe, agus oibríonn sé thar a cheann. Tugtar le fios i dTuarascáil Chríochnaitheach mhí an Mhárta 2023 ó Phainéal Saineolaithe na Náisiún Aontaithe go bhfuil Pan Systems ag leanúint de na hiarrachtaí airm a onnmhairiú. I dTuarascáil Mheán Fómhair 2023 ó Phainéal Saineolaithe na Náisiún Aontaithe, sainaithníodh an chuideachta mar chuideachta a onnmhairíonn trealamh teileachumarsáide míleata chuig fórsaí armtha na hAetóipe agus a chuireann oiliúint ar fáil dóibh trí chuideachtaí tosaigh sa Mhalaeisia agus san Indinéis.

	Ainm (agus ainmneacha féideartha eile)	Suíomh	Dáta ainmniúcháin	Cúiseanna
8.	Korea Paekho Trading Corporation (Ainm eile: Joson Paekho Muyok Hoesa) 조선백호무역회사	Seoladh: Chongryu 3-dong, Taedonggang District, Pyongyang, Daon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré	21.4.2022	Is cuideachta ealaíne é Paekho Trading Corporation a bhfuil baint aige le dealbha a thógáil thar lear, dealbha saothair ealaíne arna dtáirgeadh ag Paekho Art Studio a onnmhairiú, agus éascaíonn sé saothar aindleathach agus rochtain ar chórais airgeadais idirnáisiúnta. Díríonn sé go sonrach ar dheontais agus iasachtaí forbartha, chomh maith le hinfheistíocht dhíreach choigríche atá curtha in áirithe do thionscadail bhardasacha. Dá bhrí sin, bíonn sé ag teacht timpeall ar smachtbhannaí agus tá sé freagrach as tacaíocht airgeadais a thabhairt do chláir núicléacha agus bhalaistíocha DPDC. I mí Iúil 2024, chonacthas go raibh an chuideachta rannpháirteach in aonach trádála táirgí DPDC in Vladivostok, an Rúis.';

(c) faoin gceannteideal '(b) Daoine dlítheanacha, eintitis agus comhlachtaí', cuirtear isteach an iontráil seo a leanas:

	Ainm (agus ainmneacha féideartha eile)	Suíomh	Dáta ainmniúcháin	Cúiseanna
'11.	Royal Shune Lei	Seoladh: Building 37, Room 6, Bahosi Housing, Lanmadaw Township, Yangon, Maenmar/Burma	16.12.2024	Tá Painéal Saineolaithe na Náisiún Aontaithe ag tuairisciú go sainaithnítear go bhfuil Royal Shune Lei, cuideachta de chuid Mhaenmar/Burma atá ag obair mar ghnólacht idirghabhála d'fhórsaí armtha Mhaenmar/Burma, ag obair le Korea Mining Development Trading Corporation (KOMID) chun airm agus airm a sholáthar ó DPDC. Is sárú ar Rúin ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe iad aistrithe arm den sórt sin ó DPDC. Ar an tslí sin, tá an t-eintiteas ag cabhrú le smachtbhannaí na Náisiún Aontaithe a sheachaint.'.